

An mbeidh mé in ann cabhair a thabhairt do mo pháiste leis an obair bhaile?

Aithníonn scoileanna lán-Ghaeilge an tábhacht le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i ngach gné d'oideachas a bpáistí, obair bhaile san áireamh. Aithníonn múinteoirí nach bhfuil Gaeilge líofa ag gach tuismitheoir agus tugtar obair bhaile d'fhearr treisiú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ag an dalta le linn am scoile. Fiosraigh leis an scoil a bhfuil suim agat inti maidir le tacaíochtaí d'obair bhaile do thuismitheoirí gur mian leo Gaeilge a fhoghlaim.

How will I help my child with homework?

Irish-medium schools recognise the importance of engaging parents in all aspects of their child's learning, including homework. Teachers are aware that many parents may not speak Irish and homework is designed to reinforce what the pupil has already covered during school hours. Contact the school you're interested in to enquire about the supports available for homework and for parents who might wish to learn Irish themselves.

Tá ceist eile agam...

Tá níos mó eolais, taighde agus freagraí ar cheisteanna coitianta ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie. Fáiltímid roimh theagmháil uait agus beimid ag súil leis an deis cabhrú leat.

I have another question...

You will find more information, research and answers to frequently asked questions on www.gaelscoileanna.ie. We welcome queries and look forward to assisting you further.



Oideachas Lán-Ghaeilge ag an larbhunleibhéal

Cad is scoil lán-Ghaeilge ann?

Is í an Ghaeilge an teanga teagaisc i scoil lán-Ghaeilge, agus an teanga chumarsáide idir na múinteoirí, na daltaí agus an bhainistíocht. Feidhmíonn scoileanna lán-Ghaeilge faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais & Scileanna agus leanann siad an gnáth churaclam atá leagtha síos ag an Roinn. Is teanga bheo í an Ghaeilge sa scoil, laistigh agus lasmuigh de na ranganna. Bíonn caighdeán ard oideachasúil i ngach ábhar, an Béarla san áireamh. Cuirtear fálte roimh gach dalta sa scoil lán-Ghaeilge, beag beann ar cén culra cultúrtha agus teanga atá acu.

Irish-medium Education at Post-Primary Level

What is an Irish-medium school?

Irish is the language of instruction in an Irish-medium school, and the language of communication between the staff, pupils and school management. Irish-medium schools operate under the standard rules set by the Department of Education & Skills and follow the curriculum as set by the Department. Irish is a living language in the schools, both in the classroom and outside. They provide a high standard of education in all subjects, including English. All pupils are welcome in Irish-medium schools, regardless of their cultural and linguistic background.



Cén fáth go roghnóinn oideachas lán-Ghaeilge do mo pháiste?

- Buntáistí cognaíochtúla agus gnóthachtáil mhéadaithe curaclaim
- Níos éasca níos mó teangacha eile a shealbhú
- Scileanna cumarsáide níos fearr
- Líofacht agus litearthacht i dhá theanga
- Inchultúrú níos forleithne; ag foghlaim agus ag glacadh fút féin luachanna cultúir eile
- Ilchultúrachas níos doimhne agus caoinfhulaingt cultúir eile níos fearr, níos lú ciníochais
- Buntáistí smaointeoirreachta; cruthaitheacht agus íogaireacht chumarsáide
- Féinmhuijnín níos airde agus dionghbáilteacht féiniúlachta
- Buntáistí eacnamaíochta agus fostáíochta
- Má fhreagraíonn iarrthóir trí mheán na Gaeilge i scrúdú scríofa ábhair Ardteiste ar leith d'fhéadfaí bónasmharcanna a thabhairt dó/di

Tá tuilleadh eolais maidir leis na buntáistí agus an bunús taighde leo ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie.

Why would I choose Irish-medium education for my child?

- Cognitive advantages and greater academic success
- Easier to learn additional languages
- Better communication skills
- The ability to speak two languages fluently and to read and write in two languages
- Broader exposure to and appreciation of the value of various cultures
- Deeper multi-culturalism, greater tolerance and less racism
- Cognitive benefits; creativity, sensitivity to communication
- Increased self-esteem and sense of identity
- Economic and employment benefits
- A candidate who answers in Irish in the written examination in certain Leaving Certificate subjects may be given bonus marks

Further information on these benefits and the research on which they are based is available on www.gaelscoileanna.ie.

An gá dom Gaeilge a bheith agam le mo pháiste a chlárú le scoil lán-Ghaeilge?

Ní ghá, ach is cinnte gur buntáiste é don dalta má tá Gaeilge á labhairt sa bhaile, fiú mura bhfuil i gceist ach cúpla focal. An rud is tábhactaí ná gur léir do dhaltaí nach teanga scoile amháin í an Ghaeilge agus go bhfuil spéis ghníomhach ag a dtuismitheoirí sa teanga.

Do I need to have Irish in order to register my child in an Irish-medium school?

No, however it is an advantage to the pupil if Irish is spoken at home, even if it's limited to a few phrases. Most important is that pupils understand that Irish is not spoken in school alone and that their parents have an active interest in the language.

An bhfuil oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do dhaltaí le riachtanais speisialta?

Déanann scoileanna lán-Ghaeilge freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta díreach mar a dhéanann scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla, agus tá na tacaíochtaí céanna ar fáil iontu do dhaltaí agus a dtuismitheoirí. Tá iliomad píosaí taighde ann a chruthaíonn nach gcuireann an dátheangachas nó an córas tumoideachais daltaí le riachtanais speisialta faoi aon mhíbhuntáiste. Is féidir teacht ar roinnt de ar www.gaelscoileanna.ie.

Is Irish-medium education suitable for pupils with special needs?

Irish-medium schools cater for pupils with special needs just as schools teaching through the medium of English do, and offer the same supports to pupils and their parents.

Research proves that bilingual or immersion education does not disadvantage pupils with special needs. Some of the findings can be found on www.gaelscoileanna.ie.

An gá go mbeadh mo pháiste ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge le háit a fháil in iarbhunscoil lán-Ghaeilge?

Braitheann sé ar pholasáí iontrála na scoile ar leithligh. Moltar teagmháil a dhéanamh leis an scoil a bhfuil suim agat inti agus eolas a lorg maidir le polasaí iontrála na scoile. Bíonn critéir agus polasaithe éagsúla iontrála ag scoileanna. Léiríonn taighde go gnóthaíonn daltaí in iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge nach raibh an tumoideachas acu ag an mbunleibhéal tortaí chomh hard céanna i nGaeilge agus sa Mhata sa Teastas Sóisearach le daltaí a tháinig ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Fiosraigh leis an scoil a bhfuil suim agat inti maidir le tacaíochtaí do dhaltaí ag teacht isteach sa chóras tumoideachais ag an iarbhunleibhéal.

Does my child need to have attended an Irish-medium primary school to get a place in an Irish-medium post-primary school?

This depends on the enrolment criteria set out in the school's admissions policy. It is advisable that you contact the school you're interested in directly to get information regarding their policy. Research has shown that pupils in Irish-medium post-primary schools who did not have immersion at primary level achieve equally high results in Irish and Maths in the Junior Certificate when compared to pupils progressing from Irish-medium primary schools (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Contact the school you're interested in to enquire about the supports available for pupils transitioning to immersion education at post-primary level.